



Barbie & Na Seachtar Leipreachán

Foireann Aisteoirí

(26 Carachtar san Iomlán)

Muintir an Chaisleáin

Barbie (An Banphrionsa)

An Rí (Elvis)

An Bhanríon Ghránna

Rubber

Bandit

Mrs Doyle

An Giolla

An Grianghrafadóir

An Scáthán

Na Minionaí

Minion a hAon

Minion a Dó

Minion a Trí

Minion a Ceathair

Na Leipreacháin

Pádraig

Patrick

Pádraigín

Patricia

Paddy

Pat

Guinness

Na hAinmhithe

An tÉan/An Scéalaí

An Luch

An Béar

An Cat

An Sionnach

An Rón

Radharc 1: An Caisleán

 Fáilte Romhaibh go Léir (le fonn 'Barbie Girl': Aguisín 1) 

Scéalaí: Anseo atáimid i gcaisleán mór;
Caisleán an Rí is a bhanríon nua.
Bhanríon ghránna, díreach pósta.
Pus uirthi ar lá a pósta.
Deirtear gur mharaigh sí an chéad bhanríon,
Anois is í atá leis an Rí.

Grianghraf: Ó, fantastique! (Ag tógáil grianghraif den lucht féachana.)
Ó, tusa agus tusa. In aice lena chéile s'il vous plait. Ó, oui oui. Merci.
Agus sibhse. Go deas. Ó, a Rí! Caithfidh mé grianghraf a fháil duitse ar
lá do phósta.

Elvis: Á há!

Grianghraf: Très bon!

Barbie: Gabh mo leithscéal, a Dhaidí. Tá an Bhanríon ag iarraidh labhairt leat.

Grianghraf: Ó mon Dieu, a Rí, cé hí an cailín álainn dathúil seo?

Elvis: Sin í m'iníon ó mo chéad phósadh. Barbie is ainm di.

Grianghraf: Bonjour Barbie. Caithfidh mé do ghrianghraf a fháil. Oui, oui. Fantastique! Tá
tú go hálainn. Sin é! Is breá leis an gceamara thú!

Banríon: Cad fúmsa!? Is í mo bhainis atá ann! Tóg grianghraf díomsa!

Grianghraf: Úúúú....go raibh maith agat, ach...no. Ó, go haoibhinn Barbie!

Banríon: TÓG....MO....GHRIANGHRAF! (Ag screadaíl)

Grianghraf: Ceart go leor! Ceann amháin. (Bristear an ceamara)

Grianghraf: Ó mo cheamara!!! Tá sé briste. Tá tú chomh gránna gur bhris tú mo cheamara.
Búhúhú. (Ag rith ón stáitse)

Banríon: Hmph! (Ag suí síos ar stailc arís.)

(Tagann Rubber agus Bandit ar stáitse)

Rubber: (Ag canadh....) Duh duh duh....tá mo chapall lasmuigh...X3

Bandit: Shhh do bhéal Rubber!

Rubber: Cén fáth Bandit? Nílím ach ag canadh, like.

Bandit: Tá an giolla ag caint...sin cén fáth!


Giolla: Anois Rubber agus Bandit. Inniu bhur gcéad lá ag obair sa chaisleán. Dúirt an bhanríon go bhfuil oraibh cosaint a thabhairt di don oíche. An féidir libh é sin a dhéanamh?

Rubber: Cinnte boy. Éasca Péasca.

Bandit: Nach as Cathair Luimnigh sinne! Táimid crua!

Rubber: Sea, crua. Cén duine a bhuailfidh mé ar dtús?

Giolla: Ná buail aon duine. Seasaigí ansin. Glaofaidh an bhanríon oraibh má tá sibh ag teastáil uaithi.

 *Ceol Dioscó (Gach duine ag rince & feiceann Rubber Barbie)*

Rubber: Wow!!! Bandit, boy! An bhfeiceann tú an cailín sin?! Tá sí, like, go hálainn...

Bandit: Amadán. Sin Barbie. Níl seans ar bith ag duine cosúil leatsa! Tá tú chomh gránna go bhfuil ort mála a chaitheamh thar do cheann. Háháhá!

Rubber: Tá mála thar do cheann freisin!

Bandit: Ó sea. (Ag mothú a ceann chun a chinntiú)

 *Mar Gur Tháinig Tú (le fonn 'Because You Came': Aguisín 2)*

Rubber: Barbie! Is tusa, like, an cailín is áille go bhfaca mé riamh, like.

(Beireann Rubber agus Barbie greim láimhe ar a chéile agus léimeann an Bhanríon suas.)

Banríon: Sin sin! Táim bréan den seafóid seo. Imígí, gach duine. Minionaí!

(Ritheann na minionaí isteach agus déanann siad líne.)

Minion 1: Minion a hAon!

Minion 2: Minion a Dó!

Minion 3: Minion a Trí!

Minion 4: Minion aa....

Minion 3: (Ag tabhairt sonc agus siosarnach sa chluais do Mhinion 4) ...a ceathair.

Minion 4: Minion a Ceathair!

Banríon: Caithigí gach éinne amach!

(Ritheann na Minionaí timpeall ag cur eagla ar na daoine agus ag cur as an áit iad.)

Banríon: Agus tusa Barbie! Téigh agus glan an chistin! A Rí, tar liom!

Rí: Á há!

Mrs Doyle: Barbie! Cá bhfuil tú ag dul?

Barbie: Caithfidh mé an chistin a ghlanadh.

Mrs Doyle: Ná bí buartha faoi sin a Bharbie. Ghlan mé an chistin duit níos luaithe.

Barbie: Ó Mrs Doyle. Tá tú chomh deas. Go raibh míle maith agat.

Mrs Doyle: Aon rud don bhanphrionsa is fearr liom. Dúirt mé nuair a fuair do mháthair bás go raibh mé chun aire mhaith a thabhairt duit.

Barbie: Ó Mrs Doyle. Mothaím uaim mo Mhamaí. Agus is fuath liom mo leasmháthair nua.

Mrs Doyle: Mise chomh maith Barbie. Caithfidh tú a bheith an-chúramach léi. Ach ar aon nós, anois, bíodh cupán tae agat.

(Diúltaíonn Barbie le croitheadh cinn)

Mrs Doyle: Aaa, go on. Braon amháin. Aaa go on, go on, go on.....GO ON!

Barbie: Ó, ceart go leor. Beidh ceann amháin agam.

(Rubber agus Bandit ina gcodladh faoin am seo.)

Banríon: (Ag screadaíl óna seomra) Rubber agus Bandit!

Rubber: (Ina chodladh) Aaa, Mamaí. Ní theastaíonn uaim dul ar scoil ar maidin.

Banríon: A leisceoir, dúisigh suas. (Caitheann an bhanríon gloine uisce ar Rubber)

Rubber: Ó, a Bhanríon....

Banríon: Rubber agus Bandit! Tá misean fíorthábhachtach agam daoibh.

Rubber: Yipí, Bandit boy! 'Misean Impossible' dúinne.

Banríon: Éistigí. Na daoine don mhisean seo...caithfidh siad a bheith cliste.

Bandit: Táimid an-chliste. Like, tá an aibítir go maith ar eolas againne.
Féach....

Rub&Band: A B C P K G T L M N O Y..... X! (Ag déanamh X mór lena lámha)

Banríon: Na daoine don mhisean seo....caithfidh siad a bheith dainséarach.

Rubber: Táimid an-dainséarach, like, tá crios bán agam sa kharate!

Banríon: Na daoine don mhisean seo, caithfidh siad a bheith ábalta rudaí a choimeád faoi rún.

Bandit: Tá mé go hiontach ag coimeád rudaí faoi rún. Ní dúirt mé le Rubber riamh gur mise a bhris a X-box.

Rubber: Bhris tú mo Xbox?!? (Réidh chun Bandit a bhualadh)

Bandit: Like, chill Rubber. Fuair tú ceann nua ó Dhaidí na Nollag ar aon nós. Cad é an misean mar sin, a Bhanríon?

Banríon: Bhuel, téigí go dtí an choill, tógaigí an scian seo, tógaigí Barbie libh...agus maraígí í!

Rub & Ban: Ach...ach.....ach....a Bhanríon.....

Banríon: Déanaigí é! Nó maróidh mé sibhse ina hionad. Háháháhá!

Rub & Ban: Áááááá.... (Ritheann siad ón stáitse)

Banríon: Cad faoin scian....

(Filleann Rubber agus tógann sé an scian)

Rubber: Ó, sea....Áááááá! (Ag rith ón stáitse agus screadaíl arís)

  *Is Fuath Liom Barbie (le fonn ‘In the Dark of the Night’: Aguisín 3)*  

Radharc 2: An Choill

(Barbie, Rubber agus Bandit ag siúl sa choill)

Barbie: Ó Rubber agus Bandit, is aoibhinn liom an choill. Ó, ainmhithe!

(Téann Barbie chun labhairt leis na hainmhithe agus fághtar Rubber agus Bandit le chéile.)

Bandit: Ceart go leor, anois ár seans. Beidh ortsa é a dhéanamh. Ar trí...1, 2, 3....

Rubber: Ó, Bandit, boy. Ní féidir liom é a dhéanamh. Táim i ngrá le Barbie, like.

Bandit: Tabhair dom an scian. Táim níos crua ná tusa ar aon nós.

Rubber: 1, 2, 3....

Bandit: Ó, ní féidir liom é a dhéanamh, boy. Tusa déan é.

Rubber: No, tusa.

Bandit: No, tusa! (Ag gol agus ag tabhairt barróige dá chéile)

Bandit: Cad a dhéanfaimid Rubber boy? Tá an bhanríon chun sinn a mharú!

Rubber: Tobsmaointeoireacht!!!

(Reonn Rubber agus Bandit agus bíonn siad ag smaoineamh ar feadh tamaillín.)

Rubber: Tá an choill an-mhór, like. Má fhágfaimid Barbie anseo, b'fhéidir nach mbeadh sí ábalta teacht ar an mbealach abhaile.....

Bandit: Agus fágfaimid nóta di ag míniú go bhfuil sí níos sábháilte anseo.

Rubber: Maith an plean boy! (Ag scríobh an nóta.) A Bharbie. Bhí orainn imeacht. Tá brón orainn. Grá mór Rubber agus Bandit. XXX

(Smaoiníonn Rubber ar feadh tamaillín eile.)

Rubber: P.S. Tá an bhanríon ag iarraidh tú a mharú.

Bandit: Foirfe boy. Anois, níl Barbie ag féachaint! Fág an nóta agus....RITH!!!!

Barbie: Rubber? Bandit? Cá bhfuil sibh? Ó, tá nóta. A Bharbie. Bhí orainn imeacht. Tá brón orainn. Grá mór Rubber agus Bandit. P.S. Tá an bhanríon ag iarraidh tú a mharú.

Ó nó, táim caillte, uaigneach agus eaglach anseo sa choill agus tá mo leasmháthair ag iarraidh mé a mharú. (Ag gol)

Éan: Tvuít, tvuít. Ná bí uaigneach Barbie.

Luch: Gíog. Tá a lán cairde agat sa choill.

Béar: Rrrrrr. Agus ní gá duit bheith eaglach ach an oiread. Táim láidir chun tú a chosaint Barbie.

Cat: Miáo. Táim caillte freisin.

Sionnach: (Tagann an sionnach suas ach ní deir sé faic.)

Barbie: Agus cad fútsa a shionnaigh? An tusa mo chara?

Béar: Tá sé beagáinín ciúin.

Barbie: Tvuít deir an t-éan, gíog deir an luch, rrr deir an béar agus miáo deir an cat. Ach, cad faoin sionnach?

 *Cad Faoi an Sionnach? (le fonn ‘What Does the Fox Say?’: Aguisín 4)* 

Barbie: Ó, a chairde nua. Mothaím i bhfad níos fearr anois. Ach táim saghas tuirseach. Rachaidh mé a chodladh ar feadh tamaillín.

 *Ceol Codlata* 

(Tagann na leipreacháin amach as a dteach ar thaobh an stáitse duine ar dhuine, ag léim amach & ag síneadh....go dtí go ndéanann siad líne agus go mbuaileann an duine deireanach an chéad duine eile.)

Pádraig: Hup, fan leaids. Tá rud éigin mícheart!

Patrick: Féach! Cad é sin ar an dtalamh?

Pádraigín: Ahhh, tá eagla orm. Pé rud atá ann, tá sé an-mhór.

Patricia: Cailín atá ann!

Paddy: Cad a bheadh ar siúl ag cailín inár ngairdín?

Pat: (Tugann sé sonc di) Tá sí ina codladh ceapaim.

Pádraig: Bhuel ná dúisigh í ar aon nós!

Patrick: Tá an ceart agat.

Pádraigín: B’fhéidir go mbeadh sí dainséarach.

Patricia: Nó, is féidir go bhfuil sí gortaithe.

Paddy: Ba chóir dúinn í a dhúiseacht mar sin.

Pat: Ó, níl a fhios agam leaids.

Pádraig: Beidh vóta againn mar sin. Lámha in airde na daoine ar mhaith leo í a dhúiseacht? (Ní chuireann éinne a lámh in airde.) Duine ar bith. Lámha in airde na daoine ar mhaith leo í a fhágáil ina codladh. Duine, beirt, triúr, ceathrar, cúigear, seisear.... Tá duine éigin in easnamh..... Cá bhfuil?

Guinness: Sea, sea, sea.... Táim anseo. Réidh don obair...

(Ritheann Guinness amach as an teach gan féachaint agus titeann sé thar Barbie agus dúisíonn sé í.)

Barbie&Leip: ÁÁÁÁÁááááá....

Barbie: Cé sibhse?

Pádraig: Bhuel, is mise Pádraig.

Patrick: Patrick.

Pádraigín: Pádraigín.

Patricia: Patricia.

Paddy: Paddy.

Pat: Pat

Guinness: Agus is mise G..G..G..G..Guinness! (Ar nós go bhfuil sé ag ól pionta.

Barbie: Ach, cad sibhse?

Patrick: Is leipreacháin sinn.

Pádraigín: Is col ceathracha sinn leis na seachtar abhac.

Patricia: Ach táimid i bhfad níos fearr.

Guinness: Agus i bhfad níos *cúl*.

Barbie: Cén fáth go bhfuil sibhse níos fearr ná na habhaic?

Guinness: Lig do scíth agus inseoidh mé duit cén fáth.

 *Paddy Stíl (le fonn 'Gangnam Style': Aguisín 5)*

Barbie: Bhí sé sin go hiontach! (Ag bualadh a bosa.) Tá sibh an-mhaith ag rince.

Paddy: Níor inis tú do scéal dúinn.

Barbie: Bhuel is mise Barbie. Phós m'athair, an Rí, bean uafásach ghránna. Tá sí ag iarraidh mé a mharú. Sin an fáth go bhfuil mé sa choill i m'aonar.

Pat : Ááá, Barbie bhocht. Is féidir leat fanacht linn sa choill. Beidh tú sábháilte anseo.

(Ar ais sa chaisleán ar thaobh an stáitse tá an Bhanríon ag féachaint uirthi féin sa scáthán.)

Scáthán: Féach uirthi. (Leis an lucht féachana) Ceapann sí go bhfuil sí go hálainn.

Banríon: Scáthán, scáthán ina sheasamh. Cé hí an bhean is áille in Éirinn?

Scáthán: Aaa....bhuel.... Drochscéal agam duit a Bhanríon. Is í Barbie an bhean is áille in Éirinn.

Banríon: Ach tá Barbie marbh. Mharaigh Rubber agus Bandit í Rubber...Bandit.... Minionaí!

Minion 1: Minion a hAon!

Minion 2: Minion a Dó!

Minion 3: Minion a Trí!

Minion 4: Minion a Cúig!

Minion 3: ...a ceathair! (Ag tabhairt sonc agus ag siosarnach i gcluais Mhinion 4)

Minion 4: Minion a Ceathair!

Banríon: Faighigí Rubber agus Bandit go tapaidh!

(Tugann na minionaí Rubber agus Bandit ar an stáitse)

Rubber: Like, tóg go bog é! Seo mo léine nua.

Bandit: Agus bí cúramach le mo mhála.

Banríon: Rubber agus Bandit! Fuair mé amach nár mharaigh sibh Barbie! Bhuel, táim chun í a mharú mé féinig anois le...banana nimhneach! Féach cad a tharlóidh di. Ó Mrs Doyle!

Mrs Doyle: Sea, a Bhanríon.

Banríon: An mbeidh banana deas agat Mrs Doyle?

Mrs Doyle: Ó is breá liom bananaí. (Itheann sí an banana agus titeann sí i laige.)

Giolla: Ó Mrs Doyle. An bhfuil tú ceart go leor?

Banríon: Háháháhá! Oibríonn mo nimh! Minionaí! Ar aghaidh linn!

Rubber: Bandit boy, cad a dhéanfaimid?

Bandit: Like, níl a fhios agam Rubber!

Scáthán: Tá a fhios agam. Caithfidh duine éigin atá i ngrá le Barbie amhrán a chanadh di os comhair na banríona. Ansin dúiseoidh sí. Ach caithfidh sibh a bheith tapaidh!

Rubber: Like, táim i ngrá le Barbie! Is féidir liom an t-amhrán a chanadh boy!

Bandit: Brostaigh boy! A Ghiolla, tabhair Mrs Doyle freisin.

(Ritheann siad go léir ón stáitse.)



Banríon: Bananaí deasa! Bananaí deasa.

Barbie: Ó bananaí. Is breá le Guinness bananaí. Gheobhaidh mé ceann dó.

Banríon: Seo ceann saor in aisce duitse a stór... chun triail a bhaint as.

Barbie: Ó, go raibh míle maith agat. Mmmm....mmm...

(Titeann Barbie i laige.)

Banríon: Háháháhá! Faoi dheireadh, tá Barbie marbh! Háháhá!

(Ag rith amach go dtí an lucht féachana chun dul i bhfolach.)

Pádraig: Cad é sin? Leids!! Tar anseo!

Leip go léir: BARBIE!

Paddy: Féach! (Feiceann sé na Minionaí.) Cad a rinne sibh le Barbie?

Minionaí: Ba, Ba, Ba, Banana....

Minionaí: Marbh!

Guinness: Bhuel, tá mise chun sibhse a mharú!!

Pádraigín: Fan, fan, fan. Socróimid an fhadhb seo mar fhir chearta. Beidh 'Dance Off' againn.



(Bíonn na Leipreacháin go hiontach ag rince agus buann siad an comórtas.)

Guinness: BHUAMAR!

(Tagann Rubber, Bandit, Mrs Doyle, an Giolla agus an scáthán ar an stáitse.)

Rubber: Óóóóó, Barbie! Bandit boy, táimid ró-dhéanach. Tá an bhanríon imithe.

Bandit: Cá bhfuil an bhanríon? (Ag ceistiú na leipreachán)

Pádraig: Chuaigh duine éigin an treo sin.

Bandit: Tóg an gunna. Caithfimid an bhanríon ghránna seo a fháil ar dtús.


(Tugann Bandit gunna uisce do Rubber agus an Giolla agus téann siad sa tóir ar an mbanríon i measc an lucht féachana.)

Rubber: Feicim í!

(Bíonn tóir chraiceáilte i measc an lucht féachana agus doirtear an-chuid uisce ar an lucht féachana freisin. Ar deireadh beirtear ar an mbanríon.)

Rubber: Tá tú againn. Féach anois nuair a dhúisím Barbie.

Banríon: Óóóóóóó!!!!

 *Lig Mé Saor (le fonn 'Wake Me Up': Aguisín 6)*

(Canann Rubber agus an Giolla an t-amhrán ach ní tharlaíonn aon rud.)

Rubber: Ó, a Bharbie, mo ghrá, mo stór, mo mhuirín.... Dúisigh!

Giolla: Ó, Mrs Doyle. Dúisigh le do thoil. Aaa, go on, go on, go on....

Gach Duine: GO ON!

(Dúisíonn an bheirt ag an am seo)


Barbie: Ó Rubber! Shábháil tú mé!

Mrs Doyle: Agus a Ghiolla, shábháil tusa mise!

Bandit: Like, maith thú Rubber boy agus a Ghiolla!

Rubber: Agus maith thú Bandit boy! Fuair tú an bhanríon ghránna.

Guinness: Bhfuil a fhios agaibh cad atá ag teastáil anois.....C.c.c.c.c.cóisir!!!!

 *Conga (Aguisín 7)*

Críoch

Aguisín 1

Fáilte Romhaibh go Léir

(Le fonn ‘Barbie Girl’)

Fáilte romhaibh go léir,
Chuig ár seó.
Scéal faoi Bhabie,
Barbie álainn.
Aisteach go leor
Tá’n scéal an-chosúil
Le scéal an-cháiliúil
Faoi Phlúirín Sneachta.

Sin é Barbie, bí ag rince. Sea, sea, sea..a.
Sin é Barbie, bí ag rince. Ú-Ó, Ú-Ó. X2

Beidh grá, beidh éad, beidh aicsean go leor.
Beidh draíocht agus greann agus seafóid.
Gránna ‘s álainn, an dá thaobh ann
Agus sinne ag rinc’ is ag canadh le fonn.
Bhfuil sibh réidh? Bhfuil sibh ullamh? Don chraic le tosnú?

Sin é Barbie, bí ag rince. Sea, sea, sea..a.
Sin é Barbie, bí ag rince. Ú-Ó, Ú-Ó. X2

Aguisín 2

Mar Gur Tháinig Tú

(le fonn 'Because You Came')

Múch na soilse anois,
Is tógfaidh mé do lámh
Rachaimid ag rince,
Rachaimid ag snámh.
An bhfuil an t-am a't?
Tá an t-am ag dul,
Ag dul i bhfad rómhear,
Rómhear anois de bharr...
De bharr gur tháinig tú.

Mo shaol ar fad, ní bheinn in ann
Stop ar bith, Is tú mo dhomhan.
Ní bheidh mé riamh in ann athrú,
Mar tháinig tú, mar tháinig tú...

Aguisín 3

Is Fuath Liom Barbie

(Le fonn 'In the Dark of the Night')

Is fuath, is fuath, is fuath liom Barbie.

Is fuath, is fuath, is fuath liom Barbie.

Maróidh siad í

Agus bainfidh siad a croí

Agus beidh mé ag gáire faoi!

Is fuath, is fuath, is fuath liom Barbie

Is fuath, is fuath, is fuath liom Barbie

Ní bheidh a fhios ag an Rí,

Beidh Barbie ina luí

Agus beidh mé ag marú í.

Is fuath, is fuath, is fuath léi Barbie

Is fuath, is fuath, is fuath léi Barbie

Le cabhair minionaí

Agus oibreoirí

Is fuath, is fuath...

Is fuath liom Barbie!!!

Aguisín 4

Cad Faoin Sionnach?

(Le fonn ‘What Does the Fox Say’)

Tvuít deir an t-éan, Gíog deir an luch
Rrrr deir an béar agus Míáo deir an cat

Tvuít deir an t-éan, Gíog deir an luch
Agus Míáo deir an cat.

Tvuít an t-éan.....Gíog an luch
Deir an Rón Ów, Ów, Ów,
Tá fuaim amháin, nach bhfuil ar eolas...
Cad faoin sionnach?

Ring ding ding ding ding da ding...X3
Whop pup pup pup pup pup pup pow...X3
Hakti hakti hakti ho... X3
Chuck chuck chuck chuck chuck chuck chuck...X3

Tvuít deir an t-éan, Gíog deir an luch
Rrrr deir an béar agus Míáo deir an cat

Tvuít deir an t-éan, Gíog deir an luch
Agus Míáo deir an cat,
Tvuít an t-éan.....Gíog an luch
Deir an Rón Ów, Ów, Ów,
Má bhuaileann tú le rón beag
Cad a bheadh le rá ar an bhfón.....Fón.... Fón
Ag labhairt leis an rón...rón...rón....
Cad faoin sionnach?

Aguisín 5

Paddy Stíl

(Le fonn ‘Gangnam Style’)

Is leipreachán sinn is aoibhinn le seamróga
Timpeall na háite ag rince inár mbróga,
Táimid an-chairdiúil, is aoibhinn linn barróga,
Ach le póga nílímíd tógtha.

Táimid an-chúl. Is as Éirinn álainn sinn
Táimid an-chúl. Canaimid go binn
Táimid an-chúl. Ná bí ag gáire fúinne,
Táimid an-chúl, an-chúl.

Ná bí i d’amadán. Is mise Leipreachán.
Táim an-chúl, Tá, Táim an-chúl, Tá.
Le mo hata glas, Is ar m’éadaí snas,
Táim an-chúl. Tá. Táim an-chúl. Tá.
Le mo phota, phota, phota, phota, phota, phota óóóóóírrrrr!

Seo hé Paddy Stíl!

Aguisín 6

Lig Mé Saor

(Le fonn ‘Wake Me Up’)

Lig mé saor ón suan ‘tá orm,
Taispeáin dom bóthar éasca cothrom,
Bainfidh mé ceann scríbe amach, sí m’aidhm,
Cibé treo atá in ann....Cibé treo atá in ann....X2

Aguisín 7

Conga

Do, do, do, déanaigí an conga
Do, do, do, déan é anois....

Liosta Tagartha

‘**Mar Gur Tháinig Tú**’: TG Lurgan, <http://www.youtube.com/watch?v=Kf9ipHCOs2U>

‘**Lig Mé Saor**’: TG Lurgan, http://www.youtube.com/watch?v=1A6__HssHW8